Laethanta Saoire an tSamhraidh

Tasc A

Rólimirt

Tá an samhradh ag teacht agus tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Tá deireadh na scoilbhliana ag teacht agus tá dóchas le mothú. Tosaíonn tú ag labhairt le do chara faoi phleananna an tsamhraidh. Mar chuid den chomhrá seo, labhraíonn sibh faoi na laethanta saoire.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **An mbeidh tú ag dul áit ar bith ar saoire i mbliana? Cén áit agus cá fhad a bheidh tú ansin?**
2. **An ndeachaigh tú riamh thar lear ar saoire? Cén áit agus cuir síos ar na rudaí a rinne tú ansin.**
3. **An raibh tú riamh i gcontae ar bith in Éirinn ar saoire? Ainmnigh é nó iad.**
4. **An bhfuil tír ar bith ar mhaith leat dul chuici ar saoire? Cén fáth?**
5. **Cén saoire is fearr a bhí agat riamh?**
6. **Cad iad na cuimhní cinn is fearr atá agat ó shaoire ar bith?**
7. **An raibh tú riamh ar eitleán? Ar thaitin sé leat bheith ag eitilt?**
8. **Cuir síos ar an tsórt saoire ar mhaith leat nó a mbeadh dúil agat ann.**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

Laethanta saoire

- Ag taisteal – i gcarr, ar eitleán, ar thraein, ar bhus.
- Cás – bríste gairid, sciorta, gúna, t-léinte, cuaráin, uachtar gréine
- Éadaí a phacáil
- Spéaclaí gréine
- Carbhán
- Árasán
- Teach saoire
- Rothar
- Linn Snámha – ag snámh ar do bhrollach/ar do dhroim, dúshnámh a dhéanamh
- Caipín snámha/Culaith shnámha
- An fharraige
- Ar mo shuaimhneas
- Ar mo sháimhín só
- Cuimhní cinn
- Grianghraif
- Mo Theaghlach
- Mo Chlann
- An ghrian ag scoilteadh na gcloch
- Ag stealladh fearthainne
- Bolg le gréin/ina luí faoin ghrian

Seanfhocail

Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.

Samhlacha

Chomh buí le hór (an ghrian)
Chomh domhain leis an fharraige
Chomh sásta le píobaire

© CCEA 2022

Rewarding Learning

Laethanta Saoire an tSamhraidh

Tasc B

1. Na Laethanta Saoire is fearr riamh

Faigh leathanach A4 nó leathanach oibre. Tarraing péire spéaclaí gréine atá chomh mór leis an leathanach. Taobh istigh de na spéaclaí gréine tarraing íomhanna de na laethanta saoire ar mhaith leat féin. B'fhéidir go mbíonn tú ag brionglóidí faoi dhul chuig áit ar leith nó b'fhéidir gur chuala tú daoine eile ag caint faoi áit ar leith nó b'fhéidir go bhfaca tú an áit seo ar an idirlíon nó ar an teilifís.

Bain úsáid as na rudaí seo le cuidiú leat:

- Cén chuma atá ar an áit ar mhaith leat dul ar saoire?
- Bain úsáid as na céadfaí le cuidiú leat smaoineamh ar an áit seo – tadhall, boladh, radharc, éisteacht, blas.
- Cé atá leat san áit seo?
- Cad iad na gníomhaíochtaí a dhéanann tú san áit seo a chuireann sonas ort?

Scríobh síos cúpla rud faoin áit seo, mar shampla, ainm na háite, cé atá leat, rudaí a dhéanann tú. Déan plé le do chara nó le do ghrúpa faoin méid atá déanta agat.

2. Cárta Poist a Scríobh

1. Scríobh cárta poist chuig do chara ón áit a bhfuil tú ar saoire.
2. Bí cinnte go scríobhann tú isteach na rudaí seo a leanas:
   - Seoladh – is féidir seoladh bréagach a cumadh
   - Eolas faoin áit ina bhfuil tú.
   - Déan cur síos ar an aimsir.
   - Cuir tús leis an chárta poist le: Do... (agus ainm do chara) agus críochnaigh le: Ó... (d'ainm féin).

© CCEA 2022